

Pastime Chonamara

A rís i mbliana tá réimse leathan ranganna caitheamh aimsire tosaithe ag Pastime Chonamara. Bíonn siad ar siúl ceithre oíche sa tseachtain ar fud Chonamara. Is le cabhair ó Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta a reáchtáiltear na himeachtaí seo. I mí Meitheamh seo caite bhronn an tAire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D. agus Fionnuala Ní Fhlatharta ('Berni' i *Ros na Rún*) teastais ar seachtó duine a d'fhreastail ar chúrsaí Pastime Chonamara. Tá sé i gceist ag an eagraíocht i mbliana leathnú amach go dtí contaetha na Mí agus Mhaigh Eo. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi na himeachtaí a bhíonn ar siúl ag Pastime Chonamara ach glaoch ar 091-593311.





Cúrsa Iascaireachta a bhí ar siúl an samhradh seo caite

Ar chúl: Marian Ní Shúilleabháin, RTÉ RnG a bhronn na teastais, Micheál Davy, Liam Beatty, Pádraic Ó Neachtain (cuntóir) agus Fiontán Ó Curraoin.

Chun tosaigh: Ruadhán Ó Béarra, Ciarán Ó Cadhain, Cian Gibson, Doireann Davy, Enda Ó Cualáin agus Noel Ó Droighneáin, Stiúrthóir an chúrsa.

Teastais Eile...



An chéad cholún ó barr:
Micheál Ó Céidigh as an Lochán Beag
agus 'Berni' as Ros na Rún

*Pat Finnegan, An Teach Mór ag
Taispeántas Pastime Chonamara sa
Spidéal*

*Ray Briggs, An Teach Mór, ag an
Taispeántas céanna*

An dara colún ó barr:
Seán P. Ó Fátharta as Clochar na gCon
agus Berni as Ros na Rún
Ronald Sayers as na hAille